# Bóthar Chois Fharraige

Eochairfhocail: sábháilteacht, contúirteach, próiseas, an chomhairle chontae, feachtas, agóid

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, idirghníomhaíocht chainte.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cad is ainm don scoil lena mbaineann na tuismitheoirí feargacha sa mhír nuachta seo?
2. Cén fáth a bhfuil a bhfuil fearg ar na tuismitheoirí?
3. Cad é an dul chun cinn atá déanta go nuige seo, dar le hÁine Ní Thuathail?
4. Cad ba mhaith le Robert Ó Cuinn a fheiceáil a bheith ag síneadh trasna an bhóthair?
5. Cad atá sé i gceist ag Scoil Bhearna a dhéanamh go luath?
6. Cad a bhí i lámha na dtuismitheoirí i Scoil an Spidéil?
7. Cad is ainm don scoil atá ag troid le blianta fada le bealach sábháilte a chur ar fáil ar an mbóthar?
8. Cén fhadhb atá ag an gComhairle Chontae, dar le Mairéad Farrell?
9. Cad as a bhfuil an mhír nuachta seo ag teacht?
10. An bhfuil sé sábháilte siúl nó rothaíocht ar do scoil féin? Cén fáth?



# Bóthar Chois Fharraige

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach

1. Is bóthar an-chontúirteach é an R336.
2. Tá an bóthar seo suite in oirthear na Gaillimhe.
3. Níl aon scoileanna suite feadh an bhóthair seo.
4. Tá tuismitheoirí na bpáistí scoile mí-shásta leis an gcaoi a bhfuil rudaí anois.
5. Tá sé i gceist ag na tuismitheoirí seo deireadh a chur lena bhfeachtas láithreach.
6. Deir Mairéad Farrell nach bhfuil aon easpa airgid ar an gcomhairle chontae.
7. Cúpla trasrian síogach feadh an bhóthair ag pointí áirithe a theastaíonn ó na tuismitheoirí.
8. Ceapann na páistí ar fad a cuireadh faoi agallamh go bhfuil an bóthar sábháilte mar atá sé.
9. Bunscoileanna amháin a luadh sa mhír nuachta.
10. Tá Scoil na bhForbacha ar chéim a dó de phróiseas seacht gcéim, dar leis an bpríomhoide.

## Gníomhaíocht labhartha agus scríbhneoireachta

1. Ar dtús, labhair le do pháirtí ranga faoin gcaoi a dtagann tú féin ar scoil ar maidin. Cén modh iompair a ghlacann tú, conas a thagann tú ar scoil agus cén fhad a thógann sé ort teacht ar scoil?
2. Nuair a bheidh deireadh ráite ag an mbeirt agaibh, scríobh cuntas gearr ar an gcaoi a dtagann tú ar scoil gach lá. Bíodh na ceisteanna thuas in uimhir 1 agat mar threoir. Is leor 150 focal.

# Bóthar Chois Fharraige

## Freagraí:

1. Scoil na bhForbacha
2. Mar níl na húdaráis áitiúla ag déanamh a ndóthain chun slí shábháilte a chur ar fáil do na páistí scoile ar an R336, dar leo.
3. Tá níos mó eolais faighte acu maidir leis an áit a bhfuil siad ar an bpróiseas 7 gcéim.
4. Zebra crossing/ trasrian síogach
5. Airgead a bhailiú le saineolaí a fhostú chun go gcuirfidís an chomhairle chontae ar an eolas faoi céard atá ag teastáil
6. Póstaeir
7. Scoil Sailearna
8. Fadhb ollmhór le maoiniú
9. Na Forbacha, Contae na Gaillimhe.


1. Fíor
2. Bréagach
3. Bréagach
4. Fíor
5. Bréagach
6. Bréagach
7. Fíor
8. Bréagach
9. Fíor
10. Fíor